OIFIGEACH SÓISEARACH SLÁNDÁLA BÓITHRE

Clár Scoileanna um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid Chomhairle Contae Chiarraí

Tá TUSA ag Teastáil Uainn!

Táimid ag cuardach Oifigigh nua Shóisearacha Sábháilteachta Bóthair (OSSB) i do scoilse. Mairfidh an post ar feadh bliana agus beidh ortsa daltaí a chur ar an eolas maidir le sábháilteacht bhóthair agus a thábhachtaí agus atá sé a bheith cúramach in aice le bóithre nó ar bhóithre.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an deis agat buaileadh leis na OSSBanna eile agus leis an Oifigeach Áitiúil Sábháilteachta Bóthair ag an gcéad chruinniú i mí Mheán Fómhair. Beidh cruinnithe a n-eagrú agat féin agus ag an Oifigeach Sábháilteachta Bóthair i do scoilse i rith na bliana. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí téama éigin duit a bhaineann le sábháilteacht bhóthair le bheith ag oibriú air, chomh maith le póstaeir, fógraí, bileoga oibre agus aon eolas eile a bheadh ag teastáil uait.

Beidh neart rudaí spéisiúla le déanamh agat. Ina measc sin, tá:

Tionóil:

D'fhéadfá seó faisin a chur le chéile –
Bí sábháilte: Bí le feiceáil.

Comórtais:

Cuardach focal, crosfhocail, póstaeir a dhearadh nó rud ar bith eile ba mhaith leat a dhéanamh.

Táimid ag lorg daoine a dtaitníonn leo a bheith i measc daoine eile agus atá ábalta labhairt amach os comhair daoine eile. Bheadh sé níos fearr arís dá mbeadh tú ag iarraidh cuidiú le daoine eile a bheith sábháilte agus iad in aice leis an mbóthar.

.

Is féidir leat foirm iarratais a fháil ó do mhúinteoir nó ón OSSB i do scoil féin.

Cad a bheidh i gceist le do phost mar Oifigeach Sóisearach um Shábháilteacht ar Bhóithre?

Beidh tú ag obair leis an Oifigeach Áitiúil Sábháilteachta Bóthair i gcaitheamh na bliana atá le teacht, chun na daltaí i do scoil féin a chur ar an airdeall i dtaobh na ndainséar ar na bóithre. Beidh neart rudaí spéisiúla le reáchtáil agat, cosúil le comórtais, taispeántais agus tionóil. Beidh tú ábalta oibriú le téamaí difriúla i gcaitheamh na bliana agus déanfar iarracht tú a choinneáil ar an eolas faoi céard atá na OSSBanna eile ag déanamh sa ról atá acu.

Bain úsáid as an bpleanálaí bliantúil chun cuntas a choinneáil ar rudaí éagsúla agus a dhéanamh cinnte go bhfuil siad ag dul mar ba chóir dóibh. Beidh tú ábalta aon chruinnithe a bheidh agat a bhreacadh síos air.

Tá bileoga ar fáil agus is féidir leat fótachóipeanna a dhéanamh díobh agus iad a chrochadh ar an gclár fógraí - comórtais, foirm iarratais agus póstaer le haghaidh OSSB na bliana seo chugainn. Más mian leat litir a chur chuig aon duine, is féidir.

Tá teastas ann freisin agus is féidir leat fótachóip a dhéanamh de seo ar chárta crua agus é a thabhairt do dhaltaí a bhfuil rud éigin déanta acu a chuidíonn le sábháilteacht bhóthair a chur chun cinn (e.g daltaí a bhuaigh na comórtais).

Táimid ag súil go mór leis na torthaí a bheidh ar do chuid oibre – níl aon amhras faoi ach go ndéanfaidh tú an-obair.

PLEANÁLAÍ BLIANTÚIL

Mí	Sannadh	Rudaí le Déanamh
Meán Fómhair	Féilire Sábháilteachta ar Bhóithre	Féilire sábháilteachta bóthair na comhairle a chur chun cinn
Deireadh Fómhair		
Samhain		
Nollaig		
Eanáir		
Feabhra		
Márta		
Aibreán		
Bealtaine		
Meitheamh		

Cuir ceist ar an múinteoir i do scoil an féidir leat clár fógraí a chur le chéile sa scoil chun fógraí, póstaeir agus eolas faoi chomórtais a chrochadh air. Déan cinnte go bhfuil clár na bhfógraí in áit éigin a mbeidh gach duine ábalta é a fheiceáil go héasca.

Tabhair ainm ar an gclár fógraí. D'fhéadfá 'Clár Fógraí an OSSB ar Shábháilteacht Bhóthair' a thabhairt air. Úsáid dathanna geala agus páipéir gheala le go dtarraingeoidh sé aird na súl agus déan cinnte go bhfuil gach rud san ord ceart. Athraigh go rialta é. Coinnigh simplí é.

Is minic a thabharfar ábhair duit le crochadh ar an gclár fógraí. Is féidir leat do chuid fógraí agus do chuid pictiúr féin a chrochadh air freisin, nuair a oireann siad don téama a bhíonn i gceist ag an am. D'fhéadfaí aon obair mhaith a bheadh déanta ag na daltaí a chrochadh ar an gclár fógraí freisin.

CONAS LABHAIRT AG TIONÓL

Plean agus Ullmhúchán

Déan amach plean le haghaidh an tionóil. Caithfidh tú rogha a dhéanamh i dtaobh céard a bheidh ar siúl ag an tionól: Seó faisin, píosa cainte, dráma gearr, amhrán, dán nó b'fhéidir go mbeadh smaoineamh éigin eile agat féin. D'fhéadfá a iarraidh ar dhaltaí eile cúnamh a thabhairt duit.

Tabhair neart ama duit féin chun an tionól a ullmhú. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort cúnamh a fháil ó dhaltaí nó ó dhaoine fásta eile. Faigh na feistis agus an trealamh ar fad faoi réir agus déan amach póstaeir, fógraí, srl. a bheadh ag teastáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort dhá thionól a reáchtáil – ceann do naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra agus ceann eile do na daltaí níos sine.

Cleachtadh

Déan cinnte go mbeidh neart ama agat chun an tionól a chleachtadh. Déan iarracht am a shocrú chun teacht le chéile le do chomhdhaltaí le dul tríd an méid ar fad atá le déanamh agaibh ag an tionól.

Cead

Iarr cead i gcónaí ar do mhúinteoir an mbeifeá ábalta páirt a ghlacadh sa tionól mar b'fhéidir go mbeadh sé/sí ábalta cúnamh a thabhairt duit.

OSSB FOIRM IARRATAIS

Freagair na ceisteanna ar fad go néata, le do thoil.

AINM AGUS RANG	
AINM AN MHÚINTEORA	
SCOIL	
BAILE / SRÁIDBHAILE	
CÉN FÁTH AR MIAN LEAT BHEITH I D'OIFIGEACH SÓISEEARACH UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE?	
MAR OSSB, CAD A DHÉANFAIDH TÚ CHUN SLÁNDÁIL AR BHÓITHRE A CHUR CHUN CINN AR SCOIL?	
SÍNITHE AG AN MÚINTEOIR	

Is é an dáta deiridh le haghaidh foirmeacha iarratais ná 23 Deireadh Fómhair 2025

Foirmeacha POST chuig:
Road Safety Officer, Transportation, Kerry County Council,
County Buildings, Rathass, Tralee, Co. Kerry. V92 H7VT

OIFIGEACH SÓISEARACH SLÁNDÁLA BÓITHRE

Clár Scoileanna um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid Chomhairle Contae Chiarraí

OIFIGEACH SÓISEARACH SHÁBHÁILTEACHT BHÓITHRE
OSSB

Comhar, Cabhair, Cairdeas